Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2020
(OR. en)

8115/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0262 (NLE)**

**AVIATION 83**
**RELEX 347**
**USA 23**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, arna shíniú an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, arna shíniú an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua den cheathrú páirt, (dá ngairtear "an Comhaontú Coimhdeach" anseo feasta) a shíniú an 16 agus an 21 Meitheamh 2011.

(2) I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite[1], tá aontachas na Cróite leis an gComhaontú Coimhdeach le comhaontú trí bhíthin Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú sin, atá le tabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an Íoslainn agus Ríocht na hIorua.

(3) An 14 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach a thabhairt i gcrích chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (dá ngairtear "an Prótacal" anseo feasta).

(4) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil agus rinneadh an Prótacal a inisealú an 8 Márta 2019.

[1] IO L 283, 29.10.2011, lch. 16.

(5) Ba cheart an Prótacal a shíniú agus ba cheart é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 4 de, faoi réir a thabhairt i gcrích ag dáta is déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, síniú an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, arna shíniú an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (dá ngairtear "an Prótacal" anseo feasta), faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin[1][*].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a dtugtar de chumhacht dó (dóibh) an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

---

1 Foilsíodh téacs an Phrótacail in […]. (cuirtear isteach tagairt IO).

* IO: Cuir isteach an abairt seo, le do thoil, san eagrán Gaeilge den Iris Oifigiúil ar an leathanach a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfuil an téacs seo foilsithe i dteangacha oifigiúla eile an Aontais: "Níor foilsíodh téacs an Phrótacail sa Ghaeilge".

*Airteagal 3*

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 4 de, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta atá riachtanach dá theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*